# Aithint Focal

Is í tuiscint na léitheoireachta sprioc na léitheoireachta. Ach le tuiscint a bhaint amach is gá go mbeidh an léitheoir in ann an chuid is mó de na focail i dtéacs a léamh. Ní féidir le próiseas na léitheoireachta bheith éifeachtach mura bhfuil na scileanna a bhaineann le léitheoireacht focal sealbhaithe (Adams, 2011).

**Glactar leis go bhfuil cláir ar fhónaic na Gaeilge agus an Bhéarla á leanúint ag an scoil.** Cuireann eolas ar fhónaic na teanga go mór le haithint focal. Moltar go mbeidh straitéisí aitheanta focal agus straitéisí litrithe na Gaeilge fréamhaithe in eolas ar fhóinéimí agus moirféimí na Gaeilge. Baintear úsáid as leideanna fónaice/moirféimeacha le tacú le cuimhne ar fhocail agus le focail nua a léamh (de Brún et al., 2025). Leis an eolas seo cuirtear le feasacht ar fhocail.

Athraíonn focail Ghaeilge i gcomhthéacs mar gheall ar chóras gramadaí na Gaeilge. Tá nasc idir eolas ar ghramadach agus ar chomhréir le haithint focal. Le focail a aithint sa léitheoireacht, bíonn tionchar ag minicíocht na teagmhála, líon na litreacha agus íomhanna a spreagann focail ar an phróiseas (Yap & Balota, 2015). **Athraíonn na gnéithe seo ó theanga go teanga, mar sin tá gá le fócais dhifriúla i dteangacha éagsúla.**

## Gaeilge

Tá **córas fóinéimeach** measartha rialta ag an Ghaeilge. Sin ráite, tá infhillteacha ann sa Ghaeilge mar gheall ar an chóras gramadaí agus stair na teanga. Sin é **córas na moirféimí**. Is codanna d'fhocail iad na moirféimí; réimíreanna, iarmhíreanna agus athruithe eile ag tús agus deireadh focal; séimhiú, urú, inscní, iolraí, briathra, tuisil, aontú aidiachtúil. Ardaíonn sé seo an tábhacht le díriú ar aithint focal sa Ghaeilge i gcomhthéacs teáscanna agus sa léitheoireacht leanúnach seachas i liostaí focal gan comhthéacs.

## Béarla

Tá **córas fóinéimeach** an Bhéarla casta i gcomparáid le teangacha eile. Níl fóinéimí an Bhéarla chomh rialta le fóinéimí na Gaeilge. Sin ráite, níl na hinfhillteacha ar fhocail sa Bhéarla agus atá sa Ghaeilge. Tá **coras na moirféimí** measartha rialta sa Bhéarla le réimíreanna agus iarmhíreanna.

## Moirféimí na Gaeilge

Is gá díriú ar mhoirféimí na Gaeilge. Is é an t-aonad is lú céille nó feidhm gramadaí é moirféim. Sa Ghaeilge is moirféimí iad na hinfhillteacha; séimhiú, urú, iolraí, tuisil agus táthmhíreanna.

Cuirtear **réimír** ag tús focal. Bíonn **iarmhír** ag deireadh focal. Le **comhfhocal** cuirtear dhá fhocal le chéile le focal nua a dhéanamh.

- Cuidíonn sé go mór fréamh an fhocail a aithint.
- In amanna ní athraíonn an fréamhfhocal agus cuirtear réimír/iarmhír leis.
- Tá an riail **caol le caol, leathan le leathan** tábhachtach leis na hinfhillteacha.
- Is féidir cuid mhór eolais a fháil ar fhocail le heolas ar iarmhíreanna. Trí bhreathnú ar iarmhír feictear aimsir bhriathra, inscne focal, iolraí, srl.
- Tá roinnt bealaí ann le hiolraí a dhéanamh sa Ghaeilge. Déantar an t-iolra go minic le hiarmhír.

Tá samplaí eile de na moirféimí sa leabhrán *Na Píosaí Coitianta* sa chlár Cód na Gaeilge.

## Teagasc na straitéise

Ní hionann na straitéisí a bhíonn ag teangacha éagsúla d'aithint focal. Sa délitearthacht is gá straitéisí oiriúnacha a bheith ann do gach teanga atá ag páistí.

Ní gá gach straitéis a mhúineadh ag an am céanna. Is fearr straitéis amháin a thabhairt isteach go follasach, í a chleachtadh agus ansin í a úsáid go rialta sa léitheoireacht.

1. **Múnlaigh an straitéis**

- Léigh sliocht os ard.
- Stop ag focal deacair.
- Smaoinigh os ard: "Ní aithním an focal seo. Brisfidh mé ina phíosaí é." Taispeáin don rang cad é mar/conas a úsáideann léitheoir maith straitéis tuisceana.

2. **Mínigh an straitéis**

- Ainmnigh an straitéis (m.sh. *Bris ina phíosaí é*). Tá réimse de straiteisí sa leabhrán.
- Mínigh cén uair a n-úsáidtear í.
- Bain úsáid as an téarmaíocht chéanna go rialta.

3. **Cleachtadh le tacaíocht**

- Léigh téacs le chéile.
- Iarr ar pháistí an straitéis a úsáid i mbeirteanna nó i ngrúpaí.
- Tabhair leideanna nuair is gá.

4. **Cleachtadh neamhspleách**

- Léann páistí ina n-aonar.
- Aithníonn siad an straitéis a d'úsáid siad.
- Plé gairid ina dhiaidh: *Cén straitéis a chuidigh leat?*

5. **Athmhachnamh**


Iarr ar pháistí:

- míniú cad é mar/conas a d'oibrigh an straitéis,
- cén uair a úsáidfidh siad arís í.





## Áiseanna sa rannóg seo

- Aithint Focal: Mo Straitéisí (daite le lannú). Póstaer/Leidleathanach
- Mo Straitéisí Díchódala (daite le lannú). Póstaer/Leidleathanach
- Réimíreanna (daite le lannú). Póstaer/Leidleathanach
- Iarmhíreanna: Iolraí, Briathra, Ainmfhocail (daite le lannú). Póstaer/Leidleathanach



# Aithint Focal: Mo Straitéisí

| | |
|---|---|
|  | **Súil ghéar**<br>Cuardaigh leideanna sna pictiúir! |
|  | **Cairde Comhchosúla**<br>An bhfuil an focal nó píosa de cosúil le focal eile? |
|  | **Beola beachta**<br>Déan na beola réidh leis na fuaimeanna a rá! |
|  | **Seilide sí-í-ínte**<br>Sín amach an focal lena rá! |
|  | **Bris ina phíosaí é**<br>Léigh an focal píosa ar phíosa! |
|  | **Léim thairis**<br>Fág an focal ar lár agus léigh an abairt don chiall! |
|  | **An Triailriail**<br>Bain triail eile as! |
|  | **Cara cuidiúil**<br>Iarr cuidiú ó mhúinteoir, tuismitheoir nó cara |


# Aithint Focal: Mo Straitéisí

| | |
|---|---|
|  | **Súil ghéar**<br>Cuardaigh leideanna sna pictiúir! |
|  | **Cairde comhchosúla**<br>An bhfuil an focal nó píosa de cosúil le focal eile? |
|  | **Beola beachta**<br>Déan na beola réidh leis na fuaimeanna a rá! |
|  | **Seilide sí-í-í-nte**<br>Sín amach an focal lena rá! |
|  | **Bris ina phiosaí é**<br>Léigh an focal píosa ar phíosa! |
|  | **Léim thairis**<br>Fág an focal ar lár agus léigh an abairt don chiall! |
|  | **An triailriail**<br>Bain triail eile as! |
|  | **Cara cuidiúil**<br>Iarr cuidiú ó mhúinteoir, tuismitheoir nó cara. |

# Mo Straitéisí Díchódala

| | Seiceáil | Samplaí |
|---|---|---|
| **Gutaí**<br><br> | ✓ An bhfuil tú ag rá an fhocail mar is ceart?<br>✓ An bhfuil síneadh fada ar ghuta? | cur nó cúr<br>sil nó síl<br>briste nó bríste<br>sin nó sín |
| **Gutaí**<br>Hé! D'athraigh an fhuaim seo!<br>An bhfuil tú sásta leis seo ? | ✓ Cén guta atá in aice leis?<br>✓ Athraíonn an guta fuaim an chonsain!<br>✓ An bhfuil an consan seo caol nó leathan? | súil / siúl<br>lón / leon<br>naoi / nigh |
| **Gutaí**<br>Brisim gach riail seachas caol le caol!<br> | ✓ Ní maith le a, o, u bheith in aice le i agus e thar shiollaí.<br>✓ Bris an focal ina shiollaí<br>✓ Déan cinnte go bhfuil deireadh siolla agus tús an chéad siolla eile ag teacht leis an riail: caol le caol, leathan le leathan! | cam / án<br>dor / as<br>mil / is<br>seacht / ain<br>deir / eadh |
| **Séimhiú**<br>D'athraigh an túsfhuaim! Tá sí séimh!<br> | ✓ Ar athraigh an túsfhuaim?<br>✓ An bhfuil an ***h*** sin ann a dhéanann gach rud séimh?<br>✓ An séimhiú! | mála / mo mhála<br>bus / ar bhus<br>geansaí / mo gheansaí |
| **Urú**<br>Tá fuaim ag dul roimh fhuaim eile!<br> | ✓ Ar athraigh an túsfhuaim?<br>✓ Tá fuaim eile roimhe, tá fuaim nua ann! | barr na gcrann<br>a gcótaí<br>seomra na gcailíní |

# Mo Straitéisí Díchódala

| | Seiceáil | Samplaí |
|---|---|---|
| **Siollaí**<br>Noda sna Codanna<br> | ✓ Píosaí den fhocal<br>✓ Bris an focal ina chodanna, an aithníonn tú na codanna? | seanbhean<br>ollscoil<br>scórchlár<br>bunscoil<br>carrchlós |
| **Deirí focal**<br>Cén deireadh é sin?<br> | Clúdaigh deireadh an fhocail agus dírigh ar fhréamh an fhocail.<br>✓ An dtugann an deireadh sin eolas duit?<br>✓ Briathar? Iolra? Ginideach? | brisfidh<br>tógann<br>bláthanna<br>bun an chrainn<br>déanann<br>leabhair |
| **Focail Chomhchosúla**<br>Tá sé cosúil le focal eile!<br>~ | ✓ Tá cuid den fhocal seo i bhfocail eile<br>✓ Athraigh cuid den fhocal/ fuaimeanna<br>✓ An bhfuil an chuid seo i bhfocal eile? | nuair / fuair<br>eolaíocht / eolach / eolas<br>seo / seol / ceol<br>céad / céadaoin / aoine |
| **Rím**<br>Tá an fhuaim chéanna ann, ach ...<br> | ✓ Tá an fhuaim seo i bhfocail eile ach níl sí scríofa mar an gcéanna.<br>✓ Tá rogha agam, cén ceann atá ceart? | déanfaidh<br>spraoi<br>rí<br>croí |

# Réimíreanna

## Réimír + fréamh




mór scoil

bríste sásta glas

**Scríobh na focail**

JdeB

# Iarmhíreanna

## Iolraí

- leabhar / leabhair
- buidéal / buidéil
- ríomhaire / ríomhairí
- halla / hallaí
- bláth / bláthanna
- ubh / ubheacha
- bialann / bialanna

## Ainmfhocail

- bia / bialann
- pictiúr / pictiúrlann
- leabhar / leabharlann
- gadaí / gadaíocht
- nuacht / nuachtán
- iarsma / iarsmalann
- eolaí / eolaíocht

## Briathra

- tóg / tógann
- déan / déanann
- glan / ag glanadh
- bris / brisfidh
- caith / caithfidh
- fág / fágtar
- las / lasta
- oscail / oscailte